# Eleathanach 378

**Dé Luain, an 22 Márta, 2021**

Tá *Monopoly* bunaithe ar chluiche a chruthaigh Lizzie Magie.









## Seachtain na Gaeilge 2021

Is cluiche boird é *Monopoly* agus tá béim ann ar shráideanna a cheannach agus airgead a bhailiú. Tá an cluiche bunaithe ar chluiche a chruthaigh Lizzie Magie sa bhliain 1903, ach ní raibh an cluiche ar fáil faoin ainm *Monopoly* go dtí 1935.

Uaireanta, mar chuid den chluiche, bíonn ort tréimhse a chaitheamh sa phríosún, agus uaireanta eile, bíonn ort an cárta "Ciste Pobail" a thógáil.

Faoi láthair tá uasdátú á dhéanamh ar na cártaí seo den chéad uair ó 1935. Tá siad ag iarraidh go mbeidh siad níos oiriúnaí don saol mar atá sé. I measc na moltaí nua tá béim ar athchúrsáil, ar shiopadóireacht áitiúil agus ar chabhrú le comharsana.

Tá *Monopoly* ar fáil i 37 teanga éagsúil ar fud an domhain agus tá leagan Gaeilge ar fáil. Sa leagan Gaeilge is féidir Áras an Uachtaráin a cheannach.

## An chéad scoil lán-Ghàidhlig i gCeanada

In Albain, labhraíonn daoine Gàidhlig. Is teanga Cheilteach í atá cosúil le Gaeilge na hÉireann. Cosúil le hÉirinn freisin, foghlaimíonn páistí Gàidhlig ar scoil agus tá scoileanna Béarla agus scoileanna lán-Ghàidhlig ann.

Beidh scoil lán-Ghàidhlig in Alban Nua i gCeanada, rud atá neamhghnách! Timpeall 200 bliain ó shin chuaigh 15000 duine ó Albain ar imirce go Ceanada.


Bhí Gàidhlig ag an-chuid acu agus cé nach bhfuil an teanga á labhairt i measc an phobail, tá súil acu go gcabhróidh an scoil seo chun an teanga agus an cultúr a chur chun cinn.

Seo píosa beag Gàidhlig! An bhfeiceann tú cosúlachtaí leis an nGaeilge?







## Stíl ghruaige nua ag Billie Eilish!

Is ceoltóir í Billie Eilish agus tá clú agus cáil uirthi ó 2015. Ón mbliain sin, bhí dathanna difriúla ar a cuid gruaige ó liath go dúghorm. Ó 2019 bhí dath dubh ar a cuid gruaige le dath glas ar na fréamhacha.

Ag ócáid an tseachtain seo caite nuair a bhí duaiseanna *Grammy* á mbronnadh, bhí bandána uirthi. Bhí daoine ag ceapadh go raibh athrú ar an ngruaig ag teacht agus ní raibh dul amú orthu.

D'fhoilsigh sí grianghraf ar *Instagram* an tseachtain seo caite a léirigh go bhfuil gruaig fhionn uirthi anois! Taobh istigh de 6 nóiméad bhí níos mó ná milliún duine tar éis an "croí" faoin bpictiúr a bhrú, ag léiriú gur thaitin an stíl ghruaige nua leo.

Ollscoil Mhá Nuad
Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad,
Coláiste Mhuire, BÁC 7
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta